An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comhairliúchán Poiblí maidir le Dobharlaigh Bhunathraithe a Ainmniú do Phlean Bainistíochta Abhantraí Tríú Timthriall na hÉireann 2022-2027
(Ráiteas Príobháideachais)

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúil, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéisiú na haimsire agus as oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí maidir le dobharlaigh bhunathraithe a ainmniú do phlean bainistíochta abhantraí tríú timthriall na hÉireann 2022-2027; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Cuspóirí na próiseála

Bainfidh an Roinn úsáid as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil chun tuarascáil iomlán a chur le chéile ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí maidir le dobharlaigh bhunathraithe a ainmniú do phlean bainistíochta abhantraí tríú timthriall na hÉireann 2022-2027.

Féadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a úsáid go hinmheánach le haghaidh iniúchta nó críocha comhlíonta eile sa chás go bhfuil bunús dleathach ag an Roinn lena leithéid de phróiseáil.

Próifíliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i leith an Chomhairliúcháin Phoiblí maidir le dobharlaigh bhunathraithe a ainmniú do phlean bainistíochta abhantraí tríú timthriall na hÉireann 2022-2027 le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, nó le haghaidh cuspóirí próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil sin ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6(1)(c) den RGCS nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ainmniú dobharlach bunathraithe a éascú ag Creat-Treoir Uisce an AE.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme chun d'fhaisnéis a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní bhíonn aon bheart slándála gan locht nó dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheapadh ar bith nó mí-úsáid de chineál eile. Sa chás go gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na roinne chun feidhme.

Faighteoirí na sonraí

Féadfar sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na roinne, nó comhlachtaí poiblí eile, i gcásanna áirithe eile dá bhforáiltear le dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta bailithe i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí le dobharlaigh bhunathraithe a ainmniú do phlean bainistíochta abhantraí tríú timthriall na hÉireann 2022-2027 chuig aon tír nó chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta laistigh den AE/LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin fad is gá chun na gcríoch lenar bailíodh agus lenar próiseáladh iad.

Do chearta

Tá Beartas Cosanta Sonraí na roinne, lena leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta agus lena soláthraítear faisnéis maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis an gceart ar rochtain, an ceart go ndéanfaí ceartúchán, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach í a iarraidh. Má bhreithníonn tú gur sáraíodh do chearta, tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh le Coimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá an ceart agat chun leigheas breithiúnach a lorg.

Sonraí Teagmhála

Is í an roinn an Rialaitheoir Sonraí agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil aici chun na gcríoch a leagtar amach thuas. Tá sonraí teagmhála na roinne ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/organisation-information/839bc-contact-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú lena hiarrachtaí an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh. Is iad na sonraí teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ná:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Garman
Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Dáta: an 27 Márta 2025